



**An Roinn Cultúir,
Oidhreacht agus Gaeltachta**
Department of Culture,
Heritage and the Gaeltacht

PLEAN FORFHEIDHMITHE EARNÁLA UM THÚS ÁITE DO LEANAÍ

Arna fhoilsiú de réir alt 27 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015

Samhain 2018

Clár Ábhair

| | |
|--|---|
| 1. Réamhrá..... | 2 |
| 2. Seirbhísí Ábhartha arna gCur ar Fáil..... | 2 |
| 3. Bearta a glacadh chun cur chun cinn, athbhreithniú agus tuairisciú a dhéanamh ar chomhlíonadh le forálacha an Achta | 3 |
| Grúpa Forfheidhmithe um Thús Áite do Leanaí de chuid an Roinn Cultúir Oidhreachta agus Gaeltachta..... | 3 |
| Grúpa Forfheidhmithe Idir-Rannach um Thús Áite do Leanaí..... | 3 |
| Ráiteas um Chosaint Leanaí | 3 |
| Daoine Idirchaidrimh Ainmnithe | 3 |
| Daoine Sainorduithe | 3 |
| Oiliúint agus Múscailt Feasachta | 4 |
| Nósanna Imeachta Earcaíochta / Grinnfhiosrúcháin..... | 4 |
| Tuarascáil Bhliantúil maidir le Comhlíonadh | 4 |
| Tuairisciú ar Chomhlíonadh na gComhlachtaí faoi Choimirce na Roinne..... | 4 |
| Athbhreithniú | 4 |
| Aguisín 1..... | 5 |

1. Réamhrá

Tionscnaíodh go hiomlán an tAcht um Thús Áite do Leanáí 2015 (an tAcht) an 11 Nollaig 2017. Éilítear le hAlt 27 den Acht ar gach Aire Rialtais Plean Forfheidhmithe Earnála (PFE) a ullmhú agus a fhoilsiú.

Ullmhaítear an PFE seo de réir Alt 27 den Acht agus leagtar amach clár beart chun a chinntiú go gcloíonn an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta agus aon seirbhísí a thagann faoi shainmhíniú na seirbhísí ábhartha arna soláthar ag an Roinn agus a gcomhlachtaí coimirce, le forálacha an Achta, agus leis na saincheistanna treoracha faoi Alt 6 den Acht.

2. Seirbhísí Ábhartha arna gCur ar Fáil

Déanann an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta maoirsiú ar bheartas agus tá freagracht bheartais air aige maidir le caomhnú, cosaint, forbairt agus cur i láthair d'oidhreacht agus cultúr na hÉireann. Féachann an Roinn freisin leis an nGaeilge a chur chun cinn, le tacaíocht a thabhairt don Ghaeltacht agus le forbairt inbhuanaithe a chothú sna pobail oileáin. Áirítear é seo a leanas lena phríomhfheidhmeanna faoina sainchúram:

- Ealaíon, Cultúr, Scannán agus Ceol, chomh maith le maoirseacht a dhéanamh ar institiúidí cultúrtha na hÉireann;
- Oidhreacht Thógtha agus Nádúrtha na hÉireann;
- an Ghaeilge, an Ghaeltacht agus na hOileáin; agus
- Comhoibriú Thuaidh / Theas sa mhéid agus a bhaineann sé le hUiscebhealaí Éireann, An Foras Teanga agus le feidhmeanna níos leithne na Roinne.

In Aguisín 1, leagtar amach na mionsonraí de na comhlachtaí sin faoi choimirce na Roinne, a bhfuil ról acu a bhaineann le baint amach misean agus cuspóirí straitéiseacha na Roinne.

Seirbhísí Ábhartha arna gCur ar Fáil ag an Roinn

Idirghníomhaíonn an Roinn le daoine óga ar bhealaí éagsúla chun cultúr agus oidhreacht na hÉireann a chur chun cinn agus a chothú. Bíonn an Roinn i dteagmháil le Mic léinn na hIdirbhliana agus le hOifigigh Chléireachais Sealadacha a d'fhéadfadh a bheith faoi bhun 18 mbliana d'aois. Tá amhail rannpháirtíocht cumhdaithe laistigh den sainmhíniú ar sheirbhísí ábhartha i Sceideal 1 den Acht, Cuid 5 (a):

“Aon obair nó gníomhaíocht, lena gcumhdaítear soláthar de ghníomhaíochtaí oideachais, taighde, oiliúna, cultúrtha, áineasa, fóillíochta, sóisialta nó fisiceacha a bhaineann le leanáí”.

Tugtar aghaidh ar na hidirghníomhaíochtaí seo i Ráiteas um Chosaint Leanáí de chuid na Roinne agus déanfar an fhaisnéis seo a nuashonrú, má bhíonn obair d'Aonad eile cumhdaithe laistigh den sainmhíniú ar sheirbhís ábhartha faoin Acht.

Seirbhísí ábhartha arna gcur ar fáil ag comhlachtaí faoi choimirce na Roinne

Thug an Roinn fógra do gach ceann de na comhlachtaí seo faoina gcoimirce (féach Aguisín 1) maidir le tosach iomlán an Achta, agus maidir le hoibleagáidí agus ceanglais faoin Acht agus

faoin Treoir. Iarradh ar gach comhlacht measúnú riosca cuimsitheach a dhéanamh agus, arb'iomchuí, Ráiteas um Chosaint Leanaí a ullmhú.

Cé nach mbíonn roinnt comhlachtaí, faoi choimirce na Roinne, na seirbhísí ábhartha a sholáthar, de réir mar a shonraítear faoin Acht, d'fhéadfadh leanaí chomh maith leis an bpobal i gcoitinne, teacht ar na seirbhísí seo. Tá teagmháil déanta ag an Roinn le, agus leanfaidh sí ar aghaidh le teagmháil a dhéanamh le comhlachtaí maidir leis an tábhacht a bhaineann le bearta cosanta leanaí a bheith i bhfeidhm do gach leanbh a d'fhéadfadh teacht ar a gcuid seirbhísí.

3. Bearta a glacadh chun cur chun cinn, athbhreithniú agus tuairisciú a dhéanamh ar chomhlíonadh le forálacha an Achta

Grúpa Forfheidhmithe Idir-Rannach um Thús Áite do Leanaí

Bhunaigh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige Grúpa Forfheidhmithe Idir-Rannach reachtúil um Thús Áite do Leanaí faoi Chuid 4 den Acht chun maoirseacht an Rialtais lárnaigh a thabhairt isteach sa phróiseas cur chun feidhme. Tá ionadaíocht déanta ag an bPríomhoifigeach Cúnta ón Aonad Rialachais Chorporáidigh don Roinn Cultúr, Oidhreachta agus Gaeltachta ar an nGrúpa seo ó bunaíodh é i mí na Samhna 2016.

Coiste Earnála um Thús Áite do Leanaí de chuid An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

Ag leanúint ar aghaidh ó bhunú an Ghrúpa Forfheidhmithe Idir-Rannach um Thús Áite do Leanaí, bhunaigh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta Coiste Earnála um Thús Áite do Leanaí . Is é cuspóir an Choiste seo ná

- Ráiteas um Chosaint Leanaí a fhorbairt bunaithe ar cheanglais Alt 11 d'Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, laistigh den Roinn.
- Feidhmiú mar fhóram tosaigh le haghaidh faisnéis a roinnt maidir le reachtaíocht um Thús Áite do Leanaí don fhoireann ar fad.
- Plean Forfheidhmithe Earnála a fhorbairt mar a fhoráiltear in Alt 27 den Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015.

Fanfaidh an Grúpa seo i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí agus chun aon athruithe ar shocruithe den sórt sin a d'fhéadfadh a bheith riachtanach a chomhaontú.

Ráiteas um Chosaint Leanaí

Faoin Acht, ní mór d'eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí ábhartha do leanaí Ráiteas um Chosaint Leanaí a fhorbairt (RCL). Sa ráiteas seo, tugtar cur síos ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil chomh maith leis na prionsabail agus na nósanna imeachta atá le leanúint d'fhonn a chinntiú, a mhéid is indéanta, go bhfuil leanbh atá ag baint leasa as na seirbhísí seo slán ó dhíobháil. Tá RCL forbartha ag an Roinn a fhoilsítear ar shuíomh Gréasáin agus inlíon na Roinne. Mar gheall ar an nádúr speisialta de láithreáin na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (m.sh. Páirceanna Náisiúnta) socraíodh go n-ullmhófar Ráiteas um Chosaint Leanaí ar

leith maidir leis na háiteanna seo. Cuirfear na Ráitis seo um Chosaint Leanaí ar taispeáint go háitiúil agus tá siad ar fáil ón Roinn ar iarratas.

Daoine Idirchaidrimh Ainmnithe

Ceapadh an Roinn, i gcomhréir leis an Treoir Náisiúnta, beirt Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe (beidh Gaeilge ag duine amháin acu) (DIA) agus 2 Leas-DIA (beidh Gaeilge ag duine amháin acu). Is iad na DIAnna agus na Leas-DIAnna na príomhtheagmhálacha le haghaidh faisnéise agus comhairle a fháil maidir le hábhair inní faoi chosaint leanaí. Ina theannta sin, tá siad freagrach as a chinntiú go leanfar le nósanna imeachta tuairiscithe laistigh den Roinn, ionas go gcuirtear inní faoi leas agus cosaint leanaí ar aghaidh go pras chuig Tusla. Tá an DIA freagrach as taifid a choinneáil faoi gach tuairisc a chuirtear ar aghaidh chuig Tusla. Coinníonn an DIA tuairiscí freisin, más rud é, tar éis machnamh a dhéanamh, nach bhfuil aon chúis réasúnach ann d'ábhar inní ar dtús.

Daoine Sainorduithe

San Acht, ainmnítear gairmithe áirithe agus daoine eile i ngairmeacha sonraithe (mar atá siad aicmithe i Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht) mar 'daoine sainorduithe' a bhfuil sé de dhualgas orthu tuairisc a chur ar aghaidh chuig Tusla in imthosca forordaithe áirithe agus chun cabhrú le measúnuithe Tusla ar iarratas. Tá sé seo difriúil ó na socruithe maidir le dea-chleachtais maidir le heagraíochtaí i gcoitinne (trí DIAnna) faoin Treoir Náisiúnta. Coinneoidh an tAonad Acmhainní Daonna taifead ar aon duine sainorduithe laistigh den Roinn agus cuirfidh sé in iúl d'iontrálaithe nua a bhfuil ina duine sainorduithe, maidir lena gcuid oibleagáidí faoin Acht.

Oiliúint agus Múscailt Feasachta

Cinntoidh an Roinn agus a gníomhaireachtaí go ndéanfar an Ráiteas um Chosaint Leanaí do gach eagraíocht a scaipeadh chuig an bhfoireann ar fad. Cuireadh an fhoireann ar fad ar an eolas faoin seoladh gréasáin oiliúna ríomhfhoghlama (arna chur ar fáil ag Tusla) agus spreagtar gach ball foirne, de réir dea-chleachtas, é seo a dhéanamh ar mhaithe le leanaí a chosaint.

Tá Plean Forfheidhmithe Earnála na Roinne agus an Ráiteas um Chosaint Leanaí lárnach chun feasacht a mhúscailt i measc na mball foirne a bhfuil ina Duine Idirchaidrimh Ainmnithe, na nósanna imeachta ar cheart dóibh a leanúint má bhíonn inní orthu maidir le folláine leanaí a mbíonn siad i dteagmháil leo, mar chuid de sholáthar de sheirbhísí na Roinne, agus tá dualgais orthu na hábhair inní seo a thuairisciú.

Bunaíodh leathanach Tús Áite do Leanaí ar inlíon inmheánach na Roinne le naisc le doiciméid ábhartha na Roinne agus Treoir a d'fhoilsigh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus Tusla.

Nósanna Imeachta Earcaíochta / Grinnfhiosrúcháin

Déantar grinnfhiosrúchán ar gach iarratasóir rathúil chuig an Státseirbhís trí phróiseas arna fheidhmiú ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Tá na hoifigigh atá ann faoi láthair faoi réir Chód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse.

Tuarascáil Bhliantúil maidir le Comhlíonadh

Ullmhóidh an tAonad um Rialachas Corparáideach tuarascáil maidir le Comhlíonadh Bliantúil agus cuirfeadh é faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta.

Tuairisciú ar Chomhlíonadh na gComhlachtaí faoi Choimirce na Roinne

Cuireadh gach comhlacht atá faoi choimirce na Roinne ar an eolas faoina n-oibleagáidí faoin Acht, lena n-áirítear na ceanglais maidir le:

- Ráiteas um Chosaint Leanaí a fhorbairt;
- Daoine sainorduithe a shainaithin;
- A chinntiú go gcuirfidh gach duine sainorduithe an modúl ríomhfhoghlama i gcrích, agus
- Treoirínte beartais agus nósanna imeachta a fhorbairt.

Tá gach comhlacht freagrach don Roinn maidir le comhlíonadh le cúrsaí rialachais. Tuairiscíonn gach comhlacht don Roinn maidir le comhlíonadh le Tús Áite do Leanaí ar bhonn bliantúil mar chuid de na socruithe rialachais chorparáidigh / dearbhaithe iomlána.

Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú ar an SIP seo agus, más cuí, déanfar é a athbhreithniú tráth nach déanaí ná 3 bliana ón dáta a foilsíodh é.

Déanfar athbhreithniú ar Ráiteas um Chosaint Leanaí na Roinne tráth nach déanaí ná 2 bhliain ón dáta a foilsíodh é.

Aguisín 1

Comhlachtaí faoi choimirce an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

| Comhlacht | Suíomh Gréasáin | Seoladh |
|--|--|--|
| An Coimisinéir Teanga | www.coimisineir.ie | An Coimisinéir Teanga An Spidéal Co. na Gaillimhe |
| An Chomhairle Ealaíon | www.artscouncil.ie | An Chomhairle Ealaíon 70 Cearnóg Mhuirfean Baile Átha Cliath 2 |
| Leabharlann Chester Beatty | www.cbl.ie | Leabharlann Chester Beatty Caisleán Bhaile Átha Cliath Baile Átha Cliath 2 |
| Áiléar Crawford | www.crawfordartgallery.com | Áiléar Crawford Plás Emmet Corcaigh |
| Údarás na Gaeltachta | www.udaras.ie | Údarás na Gaeltachta Na Forbacha Co. na Gaillimhe |
| An Chomhairle Oidhreachta | www.heritagecouncil.ie | An Chomhairle Oidhreachta Áras na hOidhreachta Lána an Teampaill Cill Chainnigh |
| Fís Éireann/Screen Ireland | www.screenireland.ie | Fís Éireann Geata na Banríona 23 Bóthar na nDuganna Gaillimh |
| Áras Nua-Ealaíne na hÉireann | www.modernart.ie | Áras Nua-Ealaíne na hÉireann Ospidéal Ríoga An Bóthar Míleata Cill Mhaighneann Baile Átha Cliath 8 |
| An Ceoláras Náisiúnta | www.nch.ie | An Ceoláras Náisiúnta Ardán Phort an Iarla Baile Átha Cliath 2 |
| Gailearaí Náisiúnta na hÉireann | www.nationalgallery.ie | Gailearaí Náisiúnta na hÉireann Cearnóg Mhuirfean Thiar Baile Átha Cliath 2 |
| Leabharlann Náisiúnta na hÉireann | www.nli.ie | Leabharlann Náisiúnta na hÉireann Sráid Chill Dara Baile Átha Cliath 2 |
| Ard-Mhúsaem na hÉireann | www.museum.ie | Ard-Mhúsaem na hÉireann Dún Uí Choileáin Sráid na Binne Boirbe Baile Átha Cliath 7 |

| | | |
|---|--|---|
| Tha Boord o Ulstèr-Scotch (Gníomhaireacht na hUltaise) | www.ulsterscotsagency.com | Gníomhaireacht na hUltaise Halla an Arbhair Béal Feirste, BT1 2LG Tuaisceart Éireann |
| Foras na Gaeilge | www.gaeilge.ie www.forasnagaeilge.ie | Foras na Gaeilge 7 Cearnóg Mhuirfean Baile Átha Cliath 2 |
| Uiscebhealaí Éireann | www.waterwaysireland.org | Uiscebhealaí Éireann 2 Bóthar Shligigh Inis Ceithleann, BT74 7JY Co. Fhear Manach Tuaisceart Éireann |